

BUAILIDHEACHA CHNOC ÚIRID

Chonnaic mé féin im' óige daoine a mbíodh na ba ar shliabh aca sa samhradh. Bhí oncal dom ina chomhnaidhe in Úirid agus bhí mé ar cuairt aige ann. Thug sé leis mé chomh fada leis an mbuaile ar shliabh Úirid. Bhí bráca ag na mná ann agus na mná a' codladh sa mbráca. Bhídís ag bleaghan na mbó agus cuinneog aca. Chuiridís an bainne ins a' gcuinneog. Chonnaic mé an bhean ag imtheacht agus an chuinneog ar a druim lán de bhainne. Dubhairt siad go mbeadh an maistre déanta nuair a bheadh sí sa mbaile, réidh leis an im a bhaint de, agus chreidfinn é sin.

Bhí buaile eile i Seanabhéara taobh thoir díofa ar choirnéal Cnoc a' Daimh, agus ceann eile i mBoth Íseal taobh thoir. Chonnaic mé na trí cinn sin, dearbhtha.